An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Treoir maidir le Cúiseanna Polaitíochta a bheith á gCur Chun Cinn ag Carthanais

Feabhra 2018

Clár Ábhar

1.	Cad a mhínítear sa treoir seo?	4
2.	Ceanglais Dhlíthiúla do Charthanais	4
3.	Comhlachtaí eisiata	5
4.	Cuspóir Polaitíochta	6
5.	Gníomhaíochtaí Polaitíochta	6
6.	Samplaí Léiritheacha	7
7.	Nithe eile le cur san áireamh	8

Tá na treoirlínte seo á n-eisiúint ag an Rialálaí Carthanas de bhun alt 14(1) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla (carthanais) a spreagadh agus a éascú.

Cad atá sa Rialálaí Carthanas?

Eagraíocht reachtúil a bunaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014 chun carthanais a rialáil agus a chosaint is ea an tÚdarás Rialála Carthanas, nó an Rialálaí Carthanas mar leagan gairid.

Tá roinnt feidhmeanna againn, amhail an Clár Carthanas a bhunú agus a chothabháil. Cinntímid go gcomhlíonann carthanais na ceanglais dhlíthiúla atá orthu, déanaimid imscrúdú ar ghnóthaí carthanas agus eisímid treoirlínte agus cóid iompair freisin[1].

1 Féach www.charitiesregulator.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil fúinn.

1 Cad a mhínítear sa treoir seo?

Aithníonn an Rialálaí Carthanas gur bealach tábhachtach inar féidir le carthanas a chuspóir carthanúil a bhaint amach is ea gabháil do ghníomhaíochtaí chun cúis pholaitíochta a bhaineann go díreach lena chuspóir carthanúil a chur chun cinn.

Mar chuid de ghníomhaíochtaí den sórt sin, d'fhéadfaí tacú le beartais ar leith a ghlacadh, féachaint le tionchar a imirt ar rialtas láir nó ar rialtas áitiúil nó dul i mbun feachtais ar son athruithe a mholadh ar dhlí nó ar bheartas.

Tá an nóta treorach seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14 den Acht Carthanas 2009 chun aird a tharraingt ar na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le carthanas le linn dó gabháil do ghníomhaíochtaí chun cúis pholaitíochta agus nithe polaitíochta a chur chun cinn. Is gníomhaíochtaí iad sin ar cheart d'iontaobhais an charthanais breithniú a dhéanamh orthu sula ngabhfaidh sé dóibh.

2 Ceanglais Dhlíthiúla do Charthanais

Faoin Acht Carthanas 2009 –

(a) ní mór do charthanas –

(i) cuspóir carthanúil, agus an cuspóir sin amháin, a chur chun cinn, agus

(ii) ceanglas a bheith aige ina bhunreacht nach mór, faoi réir eisceachtaí teoranta áirithe[2], a mhaoin go léir a úsáid ar mhaithe le cuspóir carthanúil an charthanais,

(b) ní bheidh aon chuspóir ina chuspóir carthanúil mura bhfuil sé chun leas an phobail.

2 Féach an sainmhíniú ar "eagraíocht charthanúil" in alt 2(1) den Acht Carthanas 2009.

3 Comhlachtaí eisiata

Tá comhlachtaí áirithe eisiata óna bheith ina gcarthanais Éireannacha chláraithe faoin Acht Carthanas 2009[3].

Áirítear na comhlachtaí seo a leanas leis an liosta comhlachtaí eisiata atá leagtha amach in alt 2(1) den Acht Carthanas 2009:

- páirtí polaitíochta;
- comhlacht a chuireann páirtí polaitíochta nó iarrthóir polaitíochta chun cinn;
- comhlacht a chuireann cúis pholaitíochta chun cinn, ar cúis í nach mbaineann go díreach le cuspóir carthanúil an chomhlachta a chur ar aghaidh.

NÓTA TÁBHACHTACH

Ós rud é nach meastar gur eagraíocht charthanúil chun críocha an Achta Carthanas 2009 é comhlacht eisiata, beidh carthanas Éireannach atá cláraithe cheana féin i mbaol an Achta Carthanais 2009 a shárú agus an stádas carthanúil atá aige a chailleadh i gcás go bhféachfaidh an carthanas le cúis pholaitíochta a chur chun cinn nach gcuireann a chuspóir carthanúil ar aghaidh go díreach. Dá bhrí sin, maidir leis na hiontaobhaithe carthanais ar aon charthanas Éireannach cláraithe atá ag gabháil do chúis pholaitíochta a chur chun cinn nó atá ag smaoineamh ar chúis pholaitíochta a chur chun cinn, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh siad breithniú cúramach ar an gcead atá ag an gcarthanas chun déanamh amhlaidh, ag féachaint do chuspóir carthanúil an charthanais, dá dhoiciméad rialaithe agus do cheanglais an Achta Carthanas 2009.

3 Féach an sainmhíniú ar “chomhlacht eisiata” in alt 2(1) den Acht Carthanas 2009 chun liosta iomlán a fháil de na comhlachtaí nach bhféadfadh siad a bheith ina gcarthanais chláraithe faoin Acht.

4 Cuspóir Polaitíochta

Ní "cuspóir carthanúil" faoin Acht Carthanas 2009 é cuspóir polaitíochta.

Dá bharr sin, ní fhéadfaidh eagraíocht nach bhfuil ach cuspóir polaitíochta amháin aici a bheith ina carthanas Éireannach cláraithe faoin Acht Carthanas 2009. Measfar go bhfuil cuspóir polaitíochta ag eagraíocht i gcás –

- gur páirtí polaitíochta í,
- go gcuireann sí páirtí polaitíochta nó cúis pholaitíochta chun cinn, nó
- gur bunaíodh í chun cúis pholaitíochta amhail athrú a dhéanamh ar an dlí nó ar bheartais de chuid an Rialtais nó comhlachtaí poiblí eile agus chun na cúise sin amháin.

5 Gníomhaíochtaí Polaitíochta

Féadfaidh carthanas gabháil do ghníomhaíochtaí chun cúis pholaitíochta a chur chun cinn ar an gcoinníoll, maidir leis an gcúis pholaitíochta:

- go mbaineann sí go díreach le cuspóir carthanúil an charthanais a chur ar aghaidh;
- nach gcuireann sí páirtí polaitíochta nó iarrthóir polaitíochta chun cinn;
- nach bhfuil sí contrártha do dhoiciméad rialaithe an charthanais.

Ní bheidh cead ag carthanas cistí agus acmhainní carthanúla a úsáid chun gabháil do ghníomhaíochtaí chun cúis pholaitíochta a chur chun cinn ach amháin i gcás gur féidir a léiriú go bhfuil an ghníomhaíocht ag cur chuspóir carthanúil an charthanais ar aghaidh go díreach nó ag tacú go díreach le cuspóir carthanúil an charthanais.

Chun críocha léirithe, cuirtear síos ar roinnt cásanna sa chuid seo a leanas chun cabhrú le hiontaobhaithe carthanais measúnú a dhéanamh ar na cineálacha gníomhaíochtaí a bheidh ceadmhach nó nach mbeidh ceadmhach má thugann a gcarthanas fúthu.

6 Samplaí Léiritheacha

CAS 1 – Máirseáil eagraithe

Reáchtálann carthanas grúpa óige a bhfuil mar chuspóir leis síth idir creidimh agus ciní mar aon le caidreamh sítheach pobail a chur chun cinn. Oibríonn an carthanas le himircigh óga atá ag iarraidh dea-chaidreamh pobail a chur chun cinn. Baineann an chuid is mó d'obair an charthanais le ceardlanna seachtainiúla a eagrú ina dtagann imircigh ó chúlraí difriúla agus ó chultúir dhifriúla le chéile chun labhairt faoina n-eispéireas in Éirinn agus faoi na difríochtaí cultúrtha atá tugtha faoi deara acu. Mar chuid d'iarracht an charthanais dea-chaidreamh pobail a chur chun cinn, eagraíonn an carthanas máirseáil go Teach Laighean chun an Rialtas a spreagadh tuilleadh cistiúcháin a chur ar fáil do thionscadail imeasctha. Roimh an imeacht, cuireann an carthanas an mháirseáil chun cinn ar a shuíomh Gréasáin agus ar ardáin mheán sóisialta agus scaipeann sé bileoga clóite ag stáisiúin traenach ar fud na tíre.

Sa chás seo, is ceadmhach atá na gníomhaíochtaí lena mbaineann toisc go bhfuil sé mar chuspóir leis an máirseáil tuilleadh cistiúcháin a ghnóthú chun dea-chaidreamh pobail a chur chun cinn, rud a chuireann cuspóir carthanúil an charthanais ar aghaidh. Dá mbeadh cuspóir difriúil i gceist leis an máirseáil, amhail agóid a dhéanamh in aghaidh bheartas cánach corparáide an Stáit – rud nach mbaineann go díreach le cuspóir carthanúil an charthanais – is amhlaidh nach mbeadh sé ceadmhach cistí carthanúla a úsáid chun an ghníomhaíocht seo a chur chun cinn.

CÁS 2 – Feachtas reifrinn

Baineann an cás seo le carthanas a oibríonn ar son iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste a imeascadh agus iad a spreagadh chun rannpháirtíocht iomlán a dhéanamh sa tsochaí. Cuireann an carthanas an comhionannas chun cinn do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha in Éirinn. Téann an carthanas i mbun feachtais chun tacú leis an 34ú leasú ar an mBunreacht, rud lena gceadaítear an pósadh idir beirt, beag beann ar a n-inscne. Roimh an reifreann, téann an carthanas i mbun feachtais chun an leasú ar an mBunreacht a mholadh ar a shuíomh Gréasáin agus ar ardáin mheán sóisialta, scaipeann sé bileoga clóite i láithreacha éagsúla ar fud na tíre agus glacann sé páirt i ndíospóireachtaí ar an reifreann ar an teilifís agus ar raidió.

Sa chás seo, is ceadmhach atá na gníomhaíochtaí toisc go mbaineann siad go díreach le cuspóir carthanúil an charthanais a chur ar aghaidh.

Dá dtabharfadh carthanas a bunaíodh chun inchothaitheacht chomhshaoil a chur ar aghaidh faoi na gníomhaíochtaí céanna i ndáil leis an reifreann céanna, áfach, ní ceadmhach a bheadh na gníomhaíochtaí sin toisc nach bhféadfaí a rá go mbaineann siad go díreach le cuspóir carthanúil an charthanais sin a chur ar aghaidh.

CÁS 3 – Imeacht labhartha

Cuireann carthanas cúram leighis agus seirbhísí tacaíochta ar fáil do dhaoine a bhfuil fadhbanna andúile acu. Is é cuspóir carthanúil an charthanais ná leas an phobail a chur ar aghaidh, agus tá an cuspóir sin luaite i ndoiciméad rialaithe an charthanais. Eagraíonn polaiteoir áitiúil cruinniú poiblí maidir leis an gcreat náisiúnta andúile agus fiafraíonn sé den charthanas an soláthródh sé cainteoir don imeacht. Labhraíonn ball foirne den eagraíocht ag an imeacht agus cuireann an carthanas an t-imeacht chun cinn ar a shuíomh Gréasáin agus ar ardáin mheán sóisialta.

Sa chás seo, is ceadmhach atá an ghníomhaíocht fad a chinntíonn an carthanas gurb é an t-imeacht, agus ní an polaiteoir aonair, atá á chur chun cinn aige.

CÁS 4 – Iarrthóir polaitíochta a cheadú acmhainní an charthanais a úsáid

Déanann Eoin obair dheonach do ghrúpa pobail áitiúil, ar carthanas cláraithe é a bunaíodh chun na healaíona, an cultúr agus an oidhreacht a chur ar aghaidh sa cheantar. Tá baint aige le cuid mhór tionscadal sa cheantar áitiúil agus chinn sé dul san iomaíocht sna toghcháin áitiúla. Tacaíonn iontaobhaithe an charthanais lena fheachtas mar gheall ar an obair atá déanta ag Eoin don charthanas le blianta anuas. Ceadaíonn siad dó halla an charthanais a úsáid saor in aisce chun imeacht cruinnithe airgid a óstáil dá fheachtas.

Sa chás seo, ní ceadmhach atá gníomhartha an charthanais. Níl cuspóir carthanúil an charthanais á chur chun cinn leis an imeacht. Ina theannta sin, toisc go bhfuil an carthanas ag ceadú dó sócmhainní an charthanais a úsáid saor in aisce, tá sé ag tabhairt tairbhe phríobháideach do dhuine aonair freisin.

Dá ligfeadh an carthanas a halla ar cíos ar bhonn rialta agus go ngearrfadh sé an ráta caighdeánach ar sheomra ar Eoin, áfach, is ceadmhach a bheadh an ghníomhaíocht toisc go gcruinneodh sí airgead le haghaidh chuspóir carthanúil an charthanais.

7 Nithe eile le cur san áireamh

Ba cheart do charthanais a chinntiú go gcomhlíonann siad gach dlí ábhartha is infheidhme le linn dóibh cúis pholaitíochta a chur chun cinn.

Tá an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, ar cheann de na dlíthe eile atá ábhartha anseo.

Leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, ceanglaítear ar aon duine atá ag gabháil do bhrústocaireacht iad féin a chur in aithne don phobal trína bheith ainmnithe ar an gClár Brústocaireachta agus trí fhaisnéis áirithe a bhaineann lena ngníomhaíochtaí brústocaireachta a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ("an Coimisiún um Chaighdeáin") ar bhonn tréimhsiúil.

Tá an Clár Brústocaireachta ina chlár Gréasánbhunaithe atá á chothabháil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin. Tá tuilleadh faisnéise faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, agus faoi ról an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil ag www.lobbying.ie.

SÉANADH DLÍTHIÚIL

Is é is aidhm don nóta treorach seo faisnéis ghinearálta a thabhairt maidir le cúiseanna polaitíochta a bheith á gcur chun cinn ag carthanais. Níl sé ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí sa réimse seo. Mar sin, moltar do charthanais a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair a bhíonn siad ag déanamh cinntí ar cheann ar bith de na nithe a ndéantar tagairt dóibh sa doiciméad seo.

Uimhir Thagartha an Doiciméid CE GLS 08.2.1 003 Rev 000

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais
Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0
Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2018